

Chuig: MMhicRoibin@fonduireacht.com
Ábhar: Ar thóir cearta do chách

A Mháire Bean Mhic Róibín,

Is grúpa de dhaltáí idirbhliana sinn. Táimid ag scríobh chugat i ngeall ar an óráid a thug tú ag cruinniú mullaigh One Young World i mBaile Átha Cliath. Thugamar suntas don mhéid a dúirt tú faoin athrú aeráide agus faoin ról a d'fhéadfadh an óige a imirt sa ghníomhú ar son na cothromaíochta sa domhan. Bhreathnaíomar an óráid sa rang saoránaíochta mar chuid de phlé ar Bhliain Eorpach na Forbartha agus chuaigh sí go mór i gcion orainn. D'fhoghlaimíomar faoin obair cheannródaíoch a rinne tú in Éirinn le linn d'uachtaránachta agus ar fud an domhain ina dhiaidh sin i do cháil mar Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine. Údar bróid againn an obair atá déanta agat chun saol níos fearr a bhaint amach do chách.

Chuir an óráid ar ár súile dúinn a thubaistí is atá éifeachtaí an athraithe aeráide ar chuid de na tíortha bochta agus ar na tíortha atá i mbéal forbartha go háirithe. Spreag sí sinn dul i ngleic leis an bhfadhb mar creidimid gur chóir na cearta céanna a bheith ag daoine beag beann ar a gcine, a ngnéas, a gcreideamh nó a n-áit bhreithe. Chaitheamar seachtainí fada ag obair ar thionscadal chuige sin agus bhuamar an chéad duais inár rannóg i gComórtas na nEolaithe Óga i mí Eanáir.

Soláthar uisce inólta an t-ábhar a roghnaíomar. Le tamall anuas tá a lán cainte in Éirinn faoi sholáthar uisce agus cearta uisce. Más dóigh linn go bhfuilimidne i gcruachás, cad faoin mbilliún duine ar fud an domhain nach bhfuil teacht acu ar uisce atá slán le hól? Feictear dúinn gur sárú ar chearta bunúsacha an duine é gan uisce inólta a bheith ar fáil do chách.

Tá caidéal uisce grianchumhachtaithe ceaptha againn ar saoire go mór é ná caidéil a oibríonn le gnáth-ghrianphainéil. Caidéal éifeachtúil is ea é ó thaobh costais agus fuinnimh agus is furasta é a chóimeáil. Tá mias ghréine ann a chruinníonn chuici teas na gréine; díritear an teas sin go díreach ar inneall an chaidéil chun é a chur ag obair. An t-ábhar as a bhfuil an caidéal déanta tá sé saor, in-athchúrsáilte agus neamhdhíobhálach don chomhshaol. Creidimid go bhféadfadh na gairis seo an-tionchar a imirt ar shaol daoine ar fud an domhain.

Ba bhreá linn dá mbeadh suim ag mórchomhlacht éigin an coincheap a fhorbairt. Chuige sin, ba mhór againn dá bhféadfadh d'Fhondúireacht eolas faoinár dtionscadal a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin agus a thvuíteáil.

Is sinne, le meas,

Daltaí bhliain a ceathair,

Scoil Mhuire.